



## Rith Dhá Theach an Oireachtais an Bille Leasa Shóisialaigh, Pinsean agus Cláraithe Shibhialta

### *Cuimsítear ann méaduithe spriocdhírthe do leanaí agus tuismitheoirí aonair*

Ritheadh an Bille Leasa Shóisialaigh, Pinsean agus Cláraithe Shibhialta, 2018 inniu (Dé Máirt, an 18 Nollaig) trí na céimeanna deiridh sa Dáil agus sa Seanad agus cuirfear faoi bhráid an Uachtaráin é lena shíniú. Déanfaidh an Bille, nuair a achtófar é, bearta a chur i bhfeidhm a fógraíodh i mBuiséad 2019 a sholáthair caiteachas breise ar leas sóisialach ar luach **€361.6 milliún**. Soláthraítear sa Bhille méadú ar gach íocaíocht leasa shóisialaigh sheachtainiúil, agus tacaítear ann le hobair agus fiontraíocht, agus tá sé dírithe ar fheabhas a chur ar fholláine gheilleagrach agus shóisialta leanaí agus teaghlach trí réimse de thacaíochtaí spriocdhírthe agus barrfheabhsaithe. Bainfidh an caiteachas iomlán ar choimirce shóisialach **€20.5 billiún** amach in 2019.

Dúirt an tAire Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Shóisialach, Regina Doherty, T.D., agus í ag trácht ar rith an Bhille:

***“Léirítear sa Bhille seo tiomantas an Rialtais d’fhíorluach na gcroí-rátaí íocaíochta leasa a athchóiriú agus a choimeád agus léirítear ann ár dtiomantas do chistiú agus coigeartuithe a dhéanamh ar na gnéithe siúd den chód leasa shóisialaigh ar féidir leo an tionchar is mó a bhaint amach i dtaobh deireadh a chur leis an mbochtaineacht i measc na ngrúpaí siúd is mó atá i mbaol.***

***“Léiríodh sa Suirbhé ar Ioncam agus Dálaí Maireachtála 2017 a d’fhoilsigh an Phríomh-Oifig Staidrimh an tseachtain seo gluaiseacht anuas sna príomhtháscairí bochtaineachta. Níl an Rialtas réchúiseach, áfach, agus treiseoidh na forálacha i mBille Leasa Shóisialaigh na bliana seo – go háirithe an díriú atá ann ar theaghlaigh ina bhfuil leanaí – an dul chun cinn i dtreo deireadh a chur leis an mbochtaineacht laistigh dár bpobail.”***

Anuas ar bhéim a leagan air go ndírítear sa Bhille ar limistéir ar leith ina bhfuil idirghabháil bhreise le déanamh, chomh maith le rátaí a ardú i measc fhormhór na n-íocaíochtaí seachtainiúla, thug an tAire Doherty na méaduithe chun solais do leanaí cleithiúnacha cáilithe. Thug sí chun airde, chomh maith:

***“Is ionann na híocaíochtaí seachtainiúla méadaithe do gach leanbh cleithiúnach cáilithe agus méaduithe do gach leanbh i dteaghlaigh a bhraitheann ar leas sóisialach. Áirítear leis seo méadú níos airde do leanaí níos sine, a fhreagraíonn d’fhianaise a chuir Naomh Uinseann de Pól, an Chomhpháirtíocht Uinseannach agus Barnardos i láthair go dtagann méadú ar na costais a bhíonn ar leanbh a thógáil aníos agus cúram a thabhairt dóibh a luaithe a bhaineann an leanbh sin a mblíanta meánscoile amach. Tá súil agam go rachaidh seo, anuas ar na méaduithe ar an ráta seachtainiúil, i ngleic méid áirithe le bochtaineacht leanaí sa tír seo.”***

I measc na bpríomhghnéithe sa Bhille, tá:

- Méadú €5 ar ráta uasta na n-íocaíochtaí seachtainiúla leasa shóisialaigh a théann chun sochair 1.47 milliún duine
- Íocaíochtaí seachtainiúla méadaithe do gach leanbh cleithiúnach cáilithe - €2.20 do leanaí faoi 12 bhliain d'aois, agus €5.20 do leanaí 12 bhliain d'aois agus níos sine - Tá ráta seachtainiúil an mhéadaithe do leanbh cáilithe á mhéadú againn arís i mbliana. Tá an ráta do leanbh cáilithe á mhéadú faoi €2.20 againn do leanaí faoi 12 bhliain d'aois, agus €5.20 do leanaí 12 bhliain d'aois agus níos sine.
- Is féidir le Tuismitheoirí Aonair atá ag Oibriú a bhfuil Íocaíocht Teaghlach Aontuismitheora agus Íocaíocht Idirthréimhseach Chuardaitheora Poist á bhfáil acu €20 sa bhreis sa tseachtain a thuilleamh, a mhéid le €150, agus a n-íocaíocht iomlán a choimeád.

## **CRÍOCH**

Sonraí Teagmhála na Preasoifige

R-phost: [press.office@welfare.ie](mailto:press.office@welfare.ie)

Guthán: 01 704 3082

Twitter: @welfare\_ie